


Dúshlán 3; Fuinneamh inathnuaite

Sa bhliain 2018 chaith áitreabhaigh agus gnónna Chiarraí thart ar **€250 milliún ar bhreoslaí iontaise** iompórtáilte (íle téimh, gás peitríliam leachtaithe, peitreal, díosal) agus **€10 milliún sa bhreis ar bhreoslaí soladacha**.

- Cé acu na saghsanna teicneolaíochta fuinnimh inathnuaite ab oiriúnaí dod' cheantar-sa?
- Cad é an breosla iontaise a d'fhéadfaidís seo teacht ina áit?

Go náisiúnta, tá éirithe go maith linn ó thaobh dhíchcarbónú ár n-earnáil leictreachais. Déanta na fírinne, sa bhliain 2019 bhí an sciar is mó ar domhan d'fhuinneamh gaoithe ar-tír ag Éirinn, 32.5% d'ár leictreachas ar fad^[1]. Ag tógáil ar seo, tá sé de chuspóir ag an rialtas reatha go mbeidh líonra leictreachais atá 70% inathnuaite againn faoin mbliain 2030^[2]; a bhuíochas san d'fhás ollmhór ar fhuinneamh gaoithe ar-tír agus ar-muir, chomh maith le fuinneamh gréine. Cabhraíonn sé go mór chun astaíochtaí ó ghluaisistéin phríobháideacha agus téamh tithe a laghdú má déantar leictreáil orthu seo le feithiclí leictreacha agus pumpaí teasa faoi seach.

I láthair na huair, áfach, níl leictreachas freagrach ach as 20% d'ár n-éileamh iomlán fuinnimh. Tá rudaí áirithe ann (feithiclí móra bóthair, nó teas tionsclaíoch, mar shampla) nach féidir leictreáil a dhéanamh orthu, agus ní bhíonn fáil i gcónaí ar an ngaoth agus an ghrian. Dá bhrí sin, cad iad na féidearthachtaí eile?



Ríomh samplach

6 Phainéal Gréine do thigh – $6 \times 285W \times 10\%$ (fachtóir acmhainn tairgthe)^[3] $\times 8,7060$ (uairanta an chloig sa bhliain) = 1,498 kWh

Sábháil airgid – $1,498 \text{ kWh} \times 0.375 \text{ kgCO}_2/\text{kWh}^* = 562 \text{ kg CO}_2$ & $1,498 \text{ kWh} \times 0.2369 \text{ €/kWh}^* = €355$
Ar an mbileog eolais cónaithe léiríonn an ríomh samplach an sábháil airgid ó phumpa teasa a chur isteach. Rogha eile ná bithghás a chur isteach sa líonra gáis agus a déine charbóin a laghdú ar an dóigh seo.^[4]

Ag 20% gás inathnuaite sa líonra - $0.205 \text{ kgCO}_2/\text{kWh} \times 0.8 = 0.164 \text{ kgCO}_2/\text{kWh}$

CO₂ sábháil airgid don ngnáth-thigh - $108 \text{ m}^2 \times 95 \text{ kWh/m}^2 \times (0.205 - 0.164) \text{ kgCO}_2/\text{kWh}^* = 421 \text{ kgCO}_2$ sa bhliain

*tugtha san fhaisnéis bhreise

Foinsí áisiúla faisnéise

[1] [REN21; Renewables 2020 – Tuairisc Stádais Domhanda](#)

[2] [Bille Aeráide agus Forbairt ar Charbón Íseal de chuid an Rialtais](#)

[3] [Ráiteas Giniúint Uile-Oileáin 2019-2028](#)